Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9890/22**

**ECOFIN 581**
**UEM 170**
**SOC 363**
**EMPL 243**
**COMPET 466**
**ENV 572**
**EDUC 232**
**RECH 358**
**ENER 278**
**JAI 829**
**GENDER 105**
**ANTIDISCRIM 84**
**JEUN 115**
**SAN 362**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | NÓTA MÍNIÚCHÁIN ÓN gCOMHAIRLE – Doiciméad a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle do na Ballstáit faoi sheimeastar Eorpach 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an leagan den nóta míniúcháin a ghabhann leis na moltaí ón gComhairle do na Ballstáit faoi Sheimeastar Eorpach 2022, tar éis chruinniú an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.

**Nóta míniúcháin**

*– Doiciméad a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle do na Ballstáit faoi sheimeastar Eorpach 2022*

In Airteagal 2(ab)(2) de Rialachán Uimh. 1466/97 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú, ar cuid é den roinn maidir le 'Idirphlé Eacnamaíoch', cuirtear an méid seo a leanas in iúl:
'*Mar riail ghinearálta, meastar go ndéanfaidh an Chomhairle de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí*'.

Leis seo, i dtaca leis an riail 'comhlíon nó mínigh' sin, cuireann an Chomhairle i láthair na mínithe seo a leanas ar na leasuithe a comhaontaíodh ar na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí tírshonracha maidir leis na Ballstáit i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2022, nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi.

Chomhaontaigh an Chomhairle (Ecofin) roinnt nithe breise freisin mar aon le leasuithe fíorasacha nó teicniúla ar mholtaí le tacaíocht iomlán ón gCoimisiún.

**<u>Sliocht as moladh tírshonrach 1</u>**

**Le haghaidh na mBallstát uile seachas an Rómáin**

*An téacs ón gCoimisiún*:

Infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as RRF, as REPowerEU agus as cistí eile de chuid an Aontais.

*An téacs a comhaontaíodh*:

Infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh, lena gcuirtear san áireamh an tionscadal REPowerEU, agus lena n-áirítear trí leas a bhaint as RRF agus as cistí eile de chuid an Aontais.

Míniú:

I gcomhréir leis an gcleachtas roimhe seo, leasaíodh an téacs chun a léiriú nach bhfuil plean REPowerEU, lena n-áirítear a mhaoiniú, glactha ag an gComhairle go fóill. Leis na moltaí tírshonracha, níor cheart réamhbhreithiúnas a dhéanamh ar thoradh na nósanna imeachta reachtacha atá le cinneadh ar bhunús dlí (reachtach) eile, agus lena mbaineann Parlaimint na hEorpa freisin. Ag an am céanna, meabhraítear don Chomhairle (Ecofin) gur iarr na ceannairí, i nDearbhú Versailles, ar an gCoimisiún plean den sórt sin a mholadh, spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú go gasta agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, chun córas fuinnimh níos athléimní agus aontas fuinnimh atá idirnasctha go maith a bhaint amach. Sna conclúidí ón gcruinniú speisialta a bhí aici an 30-31 Bealtaine 2022, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle scrúdú gasta a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Leis an leasú a comhaontaíodh, ní athraítear ar bhealach substainteach an moladh ná an ábharthacht a shann an Chomhairle don tionscnamh; níl sé i gceist ach a thabhairt chun suntais go bhfuil REPowerEU fós á scrúdú ag an gComhairle, lena n-áirítear na téacsanna dlíthiúla éagsúla atá i gceist.

**Aithris 3**

**Le haghaidh na mBallstát uile**

*An téacs ón gCoimisiún*:

Tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch i ngeall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin i ndiaidh na paindéime domhanda. Tá tionchar an ionraidh ar gheilleagair na mBallstát le sonrú trí phraghsanna níos airde fuinnimh agus bia agus trí ionchais fáis níos laige. Is iad na teaghlaigh leochaileacha atá i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh is mó atá thíos leis na praghsanna fuinnimh níos airde. Ina theannta sin, tá sruth daoine isteach san Aontas nach bhfacthas a leithéid riamh agus iad ag teitheadh ón Úcráin. Sa chomhthéacs sin, an 4 Márta 2022, tionscnaíodh an Treoir um Chosaint Shealadach den chéad uair, rud a thug an ceart chun fanacht go dleathach san Aontas mar aon le rochtain ar oideachas agus oiliúint, ar an margadh saothair, agus ar chúram sláinte, tithíocht agus leas sóisialta do dhaoine easáitithe ón Úcráin.

*An téacs a comhaontaíodh*:

Tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch i ngeall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin i ndiaidh na paindéime domhanda. Tá tionchar an ionraidh ar gheilleagair na mBallstát le sonrú trí phraghsanna níos airde ar fhuinneamh, bia agus amhábhair, agus trí ionchais fáis níos laige. Is iad na teaghlaigh leochaileacha atá i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh, mar aon le gnólachtaí is leochailí ó thaobh arduithe ar phraghsanna fuinnimh, is mó atá thíos leis na praghsanna fuinnimh níos airde. Ina theannta sin, tá sruth daoine isteach san Aontas nach bhfacthas a leithéid riamh agus iad ag teitheadh ón Úcráin. Tá na héifeachtaí eacnamaíocha a d’eascair as cogadh foghach na Rúise tar éis tionchar neamhshiméadrach a imirt ar na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, an 4 Márta 2022, tionscnaíodh an Treoir um Chosaint Shealadach den chéad uair, rud a thug an ceart chun fanacht go dleathach san Aontas mar aon le rochtain ar oideachas agus oiliúint, ar an margadh saothair, agus ar chúram sláinte, tithíocht agus leas sóisialta do dhaoine easáitithe ón Úcráin.

Míniú:

Cé gur suaitheadh coiteann é cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, ar suaitheadh é a chuireann isteach ar an Aontas ina iomláine, comhaontaíodh gur cheart tagairt don tionchar éagsúil ar fud na mBallstát a chur san áireamh. Tá sé sin ag teacht le Réamhaisnéis Earraigh an Choimisiúin an 16 Bealtaine 2022, a léiríonn freisin ‘go bhfuil céimeanna difriúla nochta ag Ballstáit laistigh den Aontas do roinnt de na bealaí a tharchuirtear tionchar an chogaidh, eadhon, na bealaí trádála tráchtearraí agus margaí airgeadais’.